



## Cuid 2: Sonraí an Cheadúnais (Féach cuid 2 de na treoirnótaí atá leis an doiciméad seo)

14. Cineál iarratais: An chéad uair  Athnuachan  Malairt ?  Replacement
- Más ceadúnas nua in áit an seancheadúnais atáthar á lorg, sonraigh an chúis le do thoil:
- Cuir le/Bain as catagóirí  Athrú ar shonraí pearsanta  Cailte/goidte  Damáistithe
- Eile  
(sonraigh le do thoil)

15. Más rud é gur cailleadh nó gur goideadh do chead sínigh an dearbhú thíos le do thoil agus bíodh an dearbhú fianaithe agus stampáilte ag do Stáisiún Gardaí áitiúil.


Dearbhaím go bhfuil mo cheadúnas cailte/goidte/damáistithe (ciorclaigh mar is cuí)

Síniú an Iarratasóra

Deimhním gur dhearbhaigh an t-iarratasóir go bhfuil a c(h)eadúnas foghlaimeora cailte/goidte/damáistithe.

Ainm an Gharda

Síniú an Gharda



16. Catagóir cheadúnais a éilítear:

B	BE	AM	A1	A2	A	D1	D	D1E	DE	C1	C	C1E	CE	W
<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

17. Agus an cheadúnas foghlaimeora seo faighte agat, an mbeidh ceadúnas tiomána bailí agat as tír ar bith eile? Beidh  Ní bheidh

Más 'beidh', a d'fhreagair tú, cén tír?

## Cuid 3: Ceadúnas a Mhalartú (féach cuid 3 de na treoirnótaí atá leis an doiciméad seo)

18. An bhfuil ceadúnas tiomána agat faoi láthair a eisíodh i dtír eile? Tá  Níl

Má 'tá' a d'fhreagair tú tabhair sonraí thíos le do thoil:

Tír Eisiúna

Uimhir an cheadúnais tiomána

19. Ar fuarthas an cheadúnas a bhfuil tú ag malartú le haghaidh cheadúnais Éireannaigh de bhun mhalartú ar cheadúnas eile as tír eile? Fuarthas  Ní bhfuarthas

Más 'fuair' a d'fhreagair tú luaigh le do thoil an tír inar fuarthas an cheadúnas bunaidh?

20. Tháinig mé chun cónaithe in Éirinn  Lá  Mí  Bliain

## Cuid 4: Deonú Orgán (féach cuid 4 de na treoirnótaí atá leis an doiciméad seo)

21. Cuir X sa bhosca atá curtha ar fáil más mian leat go mbeadh an cód 115 ar do cheadúnas a léireoidh gur mian leat a bheith i do dheontóir orgáin.

## Páirt 5: Infheidhmeacht Tiománaí (féach cuid 5 de na treoirnótaí leis an doiciméad seo)

22. An gá duit spéaclaí nó lionsaí a chaitheamh le bheith ag tiomáint Is gá  Ní gá   
(Más 'Is gá' a d'fhreagair tú cuirfear Cód 101 le do cheadúnas.)
- Más 'Is gá' an freagra a thug tú sa am atá caite agus más 'Ní gá' an freagra anois, ní mór duit tuairisc radharc súl a sholáthar in éineacht le d'iarratas.
- Sláinte agus Aclaíocht**
- An raibh an custaiméir riamh i gceann ar bith de na riochtaí sláinte seo a leanas, nó an bhfuil tú thíos le ceann ar bith acu faoi láthair?
23. Diaibéiteas atá á chóireáil le hinslin agus/nó táibléid 'sulphonylurea'. Cuir ceist ar do dhochtúir cibé an bhfuil tú á dtógáil nó nach bhfuil. Ní gá eolas a thabhairt dúinn má tá an diaibéiteas á chóireáil ag táibléid eile nó ag aiste bia. Tá  Níl
24. Titimis Tá  Níl
25. Stróc nó TIAs<sup>1</sup> in éineacht le hairíonna gaolmhara a mhaireann níos faide ná aon mhí amháin Tá  Níl
26. Taomanna nó titim i laige Tá  Níl
27. Cineál ar bith de mháinliacht inchinne, neascóid inchinne nó gortú tromchúiseach cinn ba chúis le cóireáil othair chónaithigh, siad inchinne, gortú dromlaigh nó siad dromlaigh. Cineál ar bith de mháinliacht inchinne, neascóid inchinne nó gortú trom cinn ba chúis le cóireáil othair chónaithigh, siad inchinne, gortú dromlaigh nó siad dromlaigh Tá  Níl
28. Séadaire cairdiach ionchlannaithe Tá  Níl
29. Dífhibrileoir cairdiach ionchlannaithe (ICD)<sup>2</sup> Tá  Níl
30. Taomanna leanúnacha de mheadhrán tobann is cúis le míchumas Tá  Níl
31. Ríocht sláinte ainsealach néareolaíoch ar bith eile amhail scléaróis iolrach, galar néarón luadrach, galar Parkinson nó galar Huntington's Tá  Níl
32. Mí-úsáid nó spleáchas leanúnach ar alcól Tá  Níl
33. Mí-úsáid nó spleáchas leanúnach ar dhruaí Tá  Níl
34. Breoiteacht throm shíciatrach nó fadhbanna meabhairshláinte Tá  Níl
35. Galar Parkinson Tá  Níl
36. Siondróm Aipnia Chodlata Tá  Níl
37. Narcaileípse Tá  Níl
38. Ríocht sláinte ar bith a théann i bhfeidhm ar d'amharc forimeallach Tá  Níl
39. Cailleadh iomlán amhairc i súil amháin Tá  Níl
40. Ríocht ar bith a théann i bhfeidhm ar an dá shúil, nó ar an tsúil atá fágtha, má tá tú ar leathshúil (gan dathdhaille ná fadradharc nó gearr-radharc san áireamh) Tá  Níl
41. Easnamh éisteachta tromchúiseach atá faighte níos measa ón iarratas/athnuachan deiridh a rinne tú Tá  Níl
42. Fadhbanna leanúnacha ar bith le do sciathá(i)n nó do ghéag(a) coise a chiallaíonn go bhfuil do chuid tiomána srianta do chineálacha áirithe feithicle\* Tá  Níl
43. Míchumas trom foghlama<sup>3</sup> Tá  Níl
44. (a) An bhfuil d'fheithicil saincheaptha mar gheall ar mhíchumas coirp, le cur ar do chumas tiomáint? Tá  Níl
- (b) An bhfuil do mhíchumas imithe i léig ó d'iarratas deireanach don cheadúnas tiomána nó foghlaimeora? Tá  Níl

Más 'Tá' an freagra a thug ar na ceisteanna thuas ó 20 go 40 nó 41(b), nó 'Tá' ar 41(a) i gcás an chéad iarratais, éileofar ort tuairisc liachta a chur isteach le d'iarratas.

<sup>1</sup>Is teagmhas é taom neamhbhuan iscéimeach (TNI/TIA) a bhfuil airíonna stróic ag baint leis agus a mhaireann ar feadh níos lú na 24 uair sula n-imíonn sé (tugtar stróc beag air uaireanta). Cé nach gnách go mbíonn TNLanna ina gcúis le lot inchinne buan is comhartha rabhaidh tromchúiseach iad ar stróc.

<sup>2</sup>Is gléas leictreonach é dífhibrileoir cairdiach ionchlannaithe (ICD) a dhéanann monatóireacht ar do chroí go leanúnach. Tá an ICD déanta le rithimí croí tapa nó mall neamhghnách a bhrath

<sup>3</sup>Má bhíonn amhras ort cuir ceist ar do dhochtúir teaghlaigh.

\*atá faighte níos measa ó d'iarratas/d'athnuachan deiridh.

## Cuid 6: Dearbhú an Iarratasóra (féach Cuid 5 de na treoirnótaí atá leis an doiciméad seo)

### 45. Dearbháim leis seo:

Gurb í Éire mo ghnátháit chónaithe. Nach bhfuil mé dícháilithe ó cheadúnas foghlaimeora nó ó cheadúnas tiomána a bheith i mo sheilbh. Gurb é an seoladh atá tugtha agam mo ghnátháit chónaithe. Go mbaineann na doiciméid tacaíochta atá ag gabháil leis seo liomsa. Go bhfuil an t-eolas atá tugtha san iarratas ceart.

**NÍ MÓR DON DEARBHÚ SEO A BHEITH SÍNITHE AG AN DUINE A MBEIDH AN CHEADÚNAS FOGHLAIMEORA Á EISIÚINT DÓ/DI**

Síniú an Iarratasóra

(coinnigh an síniú laistigh den bhosca le do thoil)



Lá

Mí

Bliain

ID'fhéadfadh sonraí sa cháipéis seo a bheith faoi réir nochtdadh faoi Alt 60 den Acht Airgeadais 1993 (Uimh. 13 de 1993) arna leasú le hAlt 86 den Acht Airgeadais 1994 (Uimh. 13 de 1994) agus leis na rialacháin a dhéantar faoi na hAchtanna sin. Tá liosta de na daoine a fhaigheann sonraí nochta cláraithe leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí. Féadfar leagan leictreonach den eolas ar fad atá san iarratas seo a choimeád ar feadh tréimhse 20 bliana ar a laghad.

## Conas iarratas a dhéanamh

Ní mór duit iarratas a dhéanamh i bpearsa ag na hionaid nua NDLS ar fud na tíre. Sula dtéann tú chuig an ionad, léigh le do thoil na doiciméid tacaíochta a theastaíonn chun d'iarratas a chomhlíonadh.

Ní gá ghrianghraif a chur ar fáil ó tharla go dtógfar do ghrianghraf ag an ionad. Iarrfar ort freisin do shíniú a chur ar fáil tráth a dtógfar an grianghraif. Beidh siad seo ar do cheadúnas ansin. Beidh na hionaid oscailte ón 9am go 5pm gach lá ó Luan go hAoine, an dá lá sin san áireamh, agus ní dhúnfar na hionaid le linn am lóin. Beidh siad ar oscailt freisin ón 9am go dtí an 2pm gach Satharn.

Má athraítear na huairéanta oscailte amach anseo cuirfear sin in iúl ar [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie)

## Bailíochtú aitheantais

Beidh ort doiciméid áirithe a thabhairt leat chun a chinntiú gur tú an duine atá ag déanamh iarratais ar an gceadúnas. Is riachtanas tábhachtach é seo mar cuirfidh sé le slándáil do cheadúnas agus laghdaítear an baol go dtarlóidh calaois. Níl sé i gceist leis seo aon deacrachtaí a chruthú do chustaiméirí ach chun an tseirbhís a fheabhsú do gach tiománaí agus chun cloígh le Teoracha ón AE agus le deachleachtas idirnáisiúnta

Ní mór do gach custaiméir a bheith 'ina gcónaí de ghnáth' in Éirinn agus beidh orthu doiciméid a chur ar fáil chun tacú lena n-iarratas chun a dteidlíocht cónaitheachta, a n-aitheantas, a seoladh agus a PPSN a chinntiú.

Tá liosta iomlán de na cineálacha doiciméid is féidir a úsáid i ngach catagóir ar fáil ar leathanach a 4 de na treoirnótaí a théann leis seo agus ar [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie). Molann muid go mór duit athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta seo sula dtéann tú chuig ionad de chuid an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána mar mura mbeidh na doiciméid chearta agat cuirfear moill ar d'iarratas. Tabhair bunchóipeanna leat – ní ghlacfar le fótachóipeanna. D'fhéadfadh an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána doiciméid aitheantais a choinneáil chun a chur ar a gcumas an t-iarratas a phróiseáil. Má choinníonn an t-Oifigeach Fíorúcháin san ionad de chuid an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána aon cháipéis eiseofar admháil agus tabharfar ar ais na doiciméid nuair a phróiseálfar an t-iarratas.

Cuimhnigh gur sa bhreis iad na doiciméid a theastaíonn chun d'aitheantas a chinntiú ar aon cháipéis eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil mar chuid de d'iarratas, mar shampla, tuairisc ar radharc na súl nó tuairisc liachta, Deimhniú Inniúlachta (teastas don tástáil tiomána) nó Teastas don Tástáil Teoirice. Má tá ceadúnas agat cheana féin nó ceadúnas foghlaimeora agus go bhfuil tú á athnuachan go simplí, tabhair leat é seo chomh maith.

## Láithreacha

Tá láithreacha na n-ionad NDLS ar fad ar leathanach 4 de na treoirnótaí agus is féidir iad a fháil freisin ar [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie)

## Iarratais Fóin

Glacfaidh an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána le hiarratais ar an bhfón ó go luath in 2014. Ní bheidh feidhm leis seo ach amháin sa chás gur ghlac ionad NDLS le d'iarratas ar cheadúnas tiomána/agus nó ceadúnas foghlaimeora cheana féin ar an 29 Deireadh Fómhair 2013 nó tar éis an dáta sin agus gur fóraíodh d'aitheantas ag an bpointe sin.

Má tá tú ag déanamh iarratas ar an bhfón chun do cheadúnas a athnuachan nó ceann eile a fháil ina áit agus más rud é go bhfuil an grianghraf ar do cheadúnas níos mó ná cúig bliana d'aois is féidir leat grianghraif eile a chur ar aghaidh más mian leat.

Ní mór go gcomhlíonadh na grianghraif na riachtanais cáilíochta atá leagtha amach ar [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie). Is féidir gach doiciméad tacaíochta eile a theastaíonn chun iarratas ar an bhfón a fhíorú a chur ar aghaidh sa phost chuig NDLS.

Is é an seoladh d'iarratais ar an bhfón ná:  
An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána  
**Uimhir Bosca PO 858**  
Oifig Seachadta Dheisceart na Cathrach  
Corcaigh  
Éire

D'úsáid  
oifige  
amháin

## Táillí agus íocaíocht

Tá na táillí don cheadúnas tiomána leagtha amach thíos:

Costas maidir le cineál an cheadúnais	
Ceadúnas deich mbliana (nó tréimhse níos mó ná trí bliana)	€55
Ceadúnas trí bliana (eisithe ar bhonn aoise agus cúiseanna liachta)	€35
Ceadúnas aon bliana (eisithe ar chúiseanna liachta)	€25
Ceadúnas ó thar lear a mhalartú	€55
Ceadúnas a rinneadh a mhalartú thar lear a athsholáthar	€35
Athrú ar shonraí pearsanta	Níl aon táille
Ceadúnas do dhaoine os cionn 70	Níl aon táille

Glacfaidh An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána leis na modhanna íocaíochta seo a leanas i ndáil le d'iarratas:

- Airgead tirim (nuair a fhreastalaíonn tú ar an ionad NDLS i bpearsa)
- Seic
- Dréacht bainc
- Ordú airgid
- Cárta dochair / cárta creidmheasa / cárta creidmheasa réamhíochta

Ní ghlacfaidh an NDLS ach le modh íocaíochta amháin maidir le gach iarratas. Ní ghlacfaidh an NDLS ach le híocaíocht amháin d'iarratas amháin – ní ghlacfar le híocaíocht singil do roinnt iarratas.

Ní mór seiceanna, dréachtanna bainc nó orduithe airgid a bheith iníoctha leis 'an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS)'. I gcás iarratas a íocadh le seic, tabhair ar aird le do thoil go ndéanfar na hiarratais sin a choimeád go dtí go nglanfar an seic.

Próiseálfadh an NDLS íocaíochtaí cártaí dochair agus creidmheasa de réir rialacha an Tionscail Cártaí Íocaíochta (PCI). Más mian leat cárta dochair nó creidmheasa de chuid tríú páirtithe a úsáid, ní mór don duine sin a bheith i láthair i bpearsa chun an íocaíocht a dhéanamh.

Ar mhaithe le cúiseanna slándála, níor chóir airgead tirim a chur isteach le hiarratais ar an bpost, ná sonraí cártaí dochair nó creidmheasa.

## Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie).  
Chun tuilleadh tacaíochta a fháil is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig [info@ndls.ie](mailto:info@ndls.ie) nó glaoigh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí ar 0761-087-880